# Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2018
# Tráth 1: **Teaghlaigh an Dóchais**

## An Bord Bainistíochta

### Réamhrá

Nuair a ionchollaíodh an Briathar i dteaghlach daonna, cuireadh claochlú iomlán ar stair an domhain. Líontar an teaghlach Críostaí go fóill le háilleacht an mhistéir seo ar bhealach grámhar dóchasach. Tá grá gan teorainn ag Dia don chine daonna, agus tá a leithéid le sonrú go smior ag croílár mhistéir bhreith Íosa, grá a sháróidh gach deacracht. In *Amoris Laetitia*, tugann An Pápa Proinsias cuireadh dúinn dul isteach i mistéir Nazarat ar bhealach lán de bhrí. Baineann an cuireadh seo leis an scoil Chaitliceach, mar chomhluadar na dteaghlach. Má ghlactar leis an gcuireadh seo is féidir leis an uile dhuine i dteaghlach na scoile a thuiscint go gcloífidh an grá aon deacracht sa todhchaí. Bunaithe ar an tuiscint seo is féidir linn fianaise fíréanta a thabhairt ar scoil agus sa bhaile maidir leis an ngrá dóchasach gan teorainn (90).

Nuair a dhéanaimid teagmháil le grá Dé, agus freagairt oiriúnach a thabhairt, déantar láthair an dóchais Chríostaí de phobal na scoile. Sa chomhthéacs seo, glactar leis an dóchas mar eolas gur féidir leis an duine eile athrú, aibiú agus áilleacht agus cumas dochloíte a léiriú (116). Ní dóigh leis An bPápa Proinsias go gciallaíonn a leithéid go mbeidh athrú iomlán saoil i gceist. Is éard atá i gceist ná go dtuigfimis gur féidir le Dia ord a dhéanamh as an anord, agus maitheas a bhaint as an donas a léirítear thart timpeall orainn ar fud an domhain (116). Is sa chomhthéacs seo a thuigimid tábhacht an dóchais Chríostaí toisc go nglactar leis go mbeidh saol eile romhainn i ndiaidh an bháis (117).

In *Amoris Laetitia*, dearbhaíonn An Pápa Proinsias go bhfuil áit do chách, is cuma cad iad na lochtanna a bhaineann leo, i saol síoraí iomlán ar Neamh. Cuirfear claochlú orainn trí aiséirí Chríost, agus cuirfear deireadh le gach aon locht, gach dorchacht, gach tinneas. Lonróidh maitheas an uile dhuine amach go hálainn glan glé (117). Nuair a théann an tuiscint seo i bhfeidhm orainn beidh gach duine de phobal na scoile agus den Bhord Bainistíochta, in ainneoin deacrachtaí an tsaoil agus dúshlán reáchtáil na scoile, in ann an uile dhuine a fheiceáil ar bhonn osnádúrtha, trí shúile an dóchais, ag súil leis an bhfoirfeacht atá romhainn ar Neamh, bíodh is nach bhfuil sé le sonrú go fóill (117).

### Machnamh

- An bhfuil bealaí ann ina bhféadfadh an Bord Bainistíochta an dóchas údarach Críostaí a chur chun cinn i measc teaghlach na scoile?
- Cad iad na bealaí ina bhféadfadh an Bord Bainistíochta dearcadh osnádúrtha a chur i bhfeidhm nuair a bhíonn siad ag déileáil le pobal na scoile?
- Cad iad na bealaí ina bhféadfadh an Bord Bainistíochta cabhrú le baill phobal na scoile nuair a fhaigheann cara leo, nó duine dá muintir bás?
- Cad iad na bealaí ina bhfaigheadh an Bord Bainistíochta tacaíocht agus spreagadh ón dóchas Críostaí, fiú nuair a bhíonn deacrachtaí agus dúshláin mhóra rompu?

# Paidir

**Paidir don Teaghlach Naofa**

A Íosa, A Mhuire is a Iósaif,
Is ionaibhse a thugaimid
áilleacht an fhíor-ghrá faoi deara.
Cuirimid ár ndóchas ionaibh. A Theaghlaigh Naofa
Nazarat, deonaigh go mbeidh an rannpháirteachas
agus an urnaí le sonrú i measc na dteaghlach seo,
gur lucht leanúna an tSoiscéil a bheidh ionainn, go
dtabharfar luachanna an tséipéil abhaile inár measc.
A Theaghlaigh Naofa Nazarat, deonaigh nach
mbeidh an teaghlach seo againne ag fulaingt arís
ón bhforéigean, ón roinnt, ón diúltú.
Deonaigh go bhfaighidh an duine gortaithe nó aon
duine a ghlac scannal, tearmann agus leigheas go
héasca inár measc.
A Theaghlaigh Naofa Nazarat, deonaigh go
mbeimid ag cuimhneamh ar naofacht agus ar
dhosháraitheacht an teaghlaigh, agus ar an stádas
álainn a bhaineann leis i bplean Dé.
A Íosa, A Mhuire is a Iósaif, éist go ceansa lenár nguí.
Amen

*(Paidir ó litir spreagtha thréadach An Phápa Proinsias: Amoris Laetitia [Lúcháir an Ghrá])*

B

**Breathnaigh**
Forléargas ar *Amoris Laetitia* ó Ionad Teilifíse na Vatacáine (CTV) (2n 16s):
www.youtube.com/watch?v=mZelWQ70wbk

L

**Léigh**
An Pápa Proinsias, Aitheasc Aspalda *Amoris Laetitia (Lúcháir an Ghrá)*, 1–3:
w2.vatican.va/content/dam/francesco/pdf/apost_exhortations/documents/papa-francesco_esortazione-ap_20160319_amoris-laetitia_en.pdf

An Pápa Proinsias, litir thréadach *Laudato Si' (Aire don Domhan Coiteann)*, 84–8:
w2.vatican.va/content/francesco/en/encyclicals/documents/papa-francesco_20150524_enciclica-laudato-si.pdf

An Pápa Proinsias, Aitheasc Aspalda *Evangelii Gaudium (Lúcháir an tSoiscéil)*, 59, 60, 142, 159:
w2.vatican.va/content/francesco/en/apost_exhortations/documents/papa-francesco_esortazione-ap_20131124_evangelii-gaudium.pdf

Eoin Pól II, Aitheasc Aspalda *Familiaris Consortio (Ról an Teaghlaigh Críostaí)*, 48:
w2.vatican.va/content/john-paul-ii/en/apost_exhortations/documents/hf_jp-ii_exh_19811122_familiaris-consortio.pdf

# I Measc na Foirne

**Réamhrá**

Ceann de na dúshláin is mó a chuirtear roimh theaghlaigh an lae inniu ná na paistí a thógáil i gcultúr deacair, coimpléascach, faoi thionchar cumhachtach na meán. In Amoris Laetitia, tugann An Pápa Proinsias spreagadh dúinn, tugann sé suaimhneas dúinn nuair a mheabhraíonn sé dúinn go n-iarrtar ar an bpobal leathan Críostaí tacú le misean oideachasúil na dteaghlach (279). Bíonn na tuismitheoirí ag brath ar scoileanna Caitliceacha le teagasc bunúsach a chur ar fáil do na mic léinn, ach ní thugtar an fhreagracht iomlán dóibh maidir leis an múnlú morálta. Na múinteoirí sna scoileanna Caitliceacha, ní bhíonn siad ag iarraidh stádas na dtuismitheoirí a ghlacadh chucu féin, ach bíonn an dá dhream ag obair as lámha a chéile maidir leis na páistí a thógáil. Bíonn an comhoibriú seo beoite ag an ngrá gan teorainn atá ag Dia don chine daonna, rud a léirítear sa dóchas fíréanta Críostaí.

Is é an dearcadh dóchasach seo maidir leis an misean oideachasúil atá againn mar mhúinteoirí atá ag obair i scoileanna Caitliceacha, a chiallaíonn go mbíonn cion oibre tábhachtach á dhéanamh againn ó thaobh an tsochaí a thógáil de, agus ó thaobh Ríocht Dé a thógáil chomh maith. Nuair a aithníonn an fhoireann an obair thábhachtach seo, agus nuair a théann na baill i ngleic leis, cruthaíonn an fhoireann timpeallacht shlán thacúil do na baill éagsúla den teaghlach scoile. Ag trácht ar an dearcadh seo, deir An Pápa Proinsias go gcaithfidh na scoileanna Caitliceacha gach aon chabhair a chur ar fáil do na mic léinn ionas go ndéanfar daoine fásta críonna astu, daoine a aithneoidh go gcuirtear glao orthu freastal ar Dhia, agus iad ag breathnú ar an saol trí shúile ghrá Íosa (279). Is deacair a leithéid a dhéanamh go freagrach nuair a bhímid ag plé le hiarmhairtí an tsaoil scoile. Mar sin is tábhachtach an rud é go mbeimis mar mhúinteoirí sna scoileanna Caitliceacha ag glacadh leis an deis seo machnamh a dhéanamh agus cúrsaí a phlé lena chéile ó thaobh an dóchais Chríostaí a bheith i gcroílár an mhisin oideachasúil.

**Machnamh**

‘Le dóchas a slánaíodh sinn. Ach an dóchas a fheictear ní dóchas é feasta, mar conas a bheadh duine ag tnúth le rud a bheadh ina fhianaise? Ach ó táimidne ag súil le rud nach bhfeicimid táimid ag feitheamh go foighneach.’ (Rómh 8:24–5)

‘Sin é an fáth nach loicimid choíche. Más ea féin go bhfuilimid ag meathlú ar an taobh amuigh, tá an taobh istigh á athnuachan ó lá go lá. An buaireamh beag gearrshaolach seo atá orainn, tá ualach as cuimse den ghlóir bhithbhuan á thuilleamh aige dúinn. Ní ar na nithe infheicthe atá ár n-aire againne ach ar na nithe dofheicthe, mar níl sna nithe infheicthe ach seal ach mairfidh na nithe dofheicthe go brách.’ (2 Cor 4:16–18)

- Tá na scrioptúir atá luaite thuas bunaithe ar an gcoincheap den dóchas Críostaí. Scríobh cuntas dialainne a bheadh bunaithe ar lá amháin sa tseachtain. Déan gach iarracht cur síos ar na bealaí inar léiríodh an dóchas Críostaí i ngníomhaíochtaí an lae. Conas mar a chuaigh an cur chuige seo i bhfeidhm ar an scoil nó ar thimpeallacht an tseomra ranga? Nuair a bhíonn an mhír seo scríofa agat, déan machnamh ar an gcoincheap den dóchas Críostaí agus ar an gcumas atá ann dul i bhfeidhm ar bhealach deimhneach ar ár saol, inmheánach agus seachtrach. An bhféadfá an dóchas Críostaí a chur in iúl ar bhealach níos saibhre i rith imeachtaí an lae?
- Breathnaigh ar an bhfíseán seo ón 01-02-2017. Éisteacht ghinearálta An Phápa Proinsias www.youtube.com/watch?v=tUXlfnLRtik (2n) Déan plé le baill fhoirne eile maidir le tuairimí An Phápa Proinsias faoin dóchas Críostaí. Tar éis an phlé, ainmnigh dhá bhealach ina bhféadfadh na baill fhoirne an dóchas Críostaí a chur i bhfeidhm ar bhealach praiticiúil feabhsaithe i rith gnáthimeachtaí na scoile.

# Paidir

**Paidir do na Teaghlaigh**

Beannaímid d'ainm a Thiarna,
is tusa a chuir do mhac ionchollaithe féin chugainn
le páirt a ghlacadh sa phobal
ionas go mbeadh taithí aige
ar an lúcháir agus ar an gcrá a bhain le maireachtáil i dteaghlach.

Iarraimid ort a Thiarna
an teaghlach seo a chumhdach agus a chosaint
agus an grásta a bhronnadh orainn
maireachtáil faoi rath agus faoi shéan
ar bhealach Críostaí síochánta,
an Eaglais, beo ag an mbaile,
muid mar fhinnéithe ar do ghlóir ar domhan.
Iarraimid é seo ort trí Chríost ár dTiarna
Amen.

*(Paidir ó Chomhdháil na nEaspag Caitliceach SAM)*